# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **crosta**?
   (a) Beo
   (b) Cairdiúil
   (c) Confach

2. Tá an frása **in amanna** i bparagraf 3. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **an-dúil**?
   (a) Fearg
   (b) Áthas mór
   (c) Fuath

4. Tá an t-ollphanda i gcontúirt. Ainmnigh 3 ainmhí eile atá i gcontúirt fosta.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. Cad é ba chóir don tSín a dhéanamh leis an ollphanda a shábháil, do bharúil?

5. An bhfuil scéal an ollphanda cosúil le scéal ainmhí ar bith eile?

CCEA Rewarding Learning


Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

15 An tOllphanda

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## An tOllphanda

# An tOllphanda

Is cineál de bhéar é an tOllphanda a bhfuil **an-dúil** ag daoine ann. B'fhéidir go bhfaca tú ceann acu ar chlár teilifíse nó sa zú. Is í an tSín a áit dúchais. Is ainmhí measartha mór é a bhfuil fionnadh dubh agus bán air. Tá paistí dubha thart ar a shúile, rud a chuireann cuma chairdiúil shéimh air. Ach bí cúramach – cosúil le go leor ainmhithe eile, thig leis a bheith **crosta** confach fosta!

'Coileán' a thugtar ar ollphanda óg. Nuair a bheirtear coileán tá sé beag bídeach agus dall chomh maith ar feadh tamaill. Ní bhíonn fionnadh ar bith air agus bíonn sé ag brath go hiomlán ar a mhamaí le bia agus cosaint a thabhairt dó. Níl sé ach 150 g nó mar sin agus thart faoi 15 cm ar fad – is é sin fad do phinn luaidhe! **Fanann** an coileán lena mhamaí ar feadh dhá bhliain nó mar sin go dtí go bhfuil sé mór go leor agus ábalta imeacht leis féin agus a bheith beo gan chuidiú.

Caitheann ollphanda fásta suas le 12 uair an chloig gach lá ag ithe. Is é an bambú an cineál bia is fearr leis, ach itheann sé feoil **in amanna** fosta. Mar sin de, ní luibhiteoir é, mar a shíleann daoine, ach uiliteoir. An bhfuil a fhios agat go n-itheann sé thart faoi 10 kg de bhambú gach lá? Tá suas le 150 kg meáchain in ollphanda fásta. Maireann sé go dtí go bhfuil sé thart faoi 20 bliain d'aois.

Ar an drochuair, tá an t-ollphanda go mór i gcontúirt. Maireann sé sna foraoisí sna sléibhte sa tSín, ach giota ar ghiota, tá daoine ag scriosadh na bhforaoisí. Thar na blianta, tá áit chónaithe an ollphanda ag éirí níos lú agus níos lú. Ciallaíonn sin nach bhfuil go leor bambú le hithe ag an ollphanda agus sin an fáth a bhfuil siad i gcontúirt. B'fhéidir nach bhfuil ach thart faoi 1500 acu fágtha ar an domhan.



# Ceisteanna

1. **Cá bhfuil áit dúchais an ollphanda?**
(a) Sa zú amháin
(b) Sa tSín amháin
(c) I Meiriceá amháin

2. **Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Bíonn an t-ollphanda i gcónaí cairdiúil
(b) Bíonn an t-ollphanda fíochmhar in amanna
(c) Bíonn an t-ollphanda ina chodladh an chuid is mó den lá

3. **Cén fáth a mbíonn an t-ollphanda óg ag brath ar a mháthair?**
(a) Ní thig leis cuidiú leis féin
(b) Itheann sé barraíocht bambú
(c) Caitheann sé an t-am ar fad ina chodladh

4. **Cad é a itheann an t-ollphanda?**
(a) Bambú amháin
(b) Bambú den chuid is mó
(c) Feoil amháin

5. **Cad é an rud is mó a fhágann an t-ollphanda i gcontúirt?**
(a) Éiríonn sé róthrom
(b) Bíonn daoine ag scriosadh a áit chónaithe nádúrtha
(c) Bíonn sé ag brath go mór ar a mháthair

6. **Cad é an rud nach dtuigeann daoine go maith faoin ollphanda?**
(a) Ní luibhiteoir amháin é
(b) Tá sé i gcontúirt
(c) Tá sé galánta

7. **I bparagraf 2 tá an briathar *fanann*:**
(a) san aimsir chaite.
(b) san aimsir láithreach.
(c) san aimsir fháistineach.

8. **Cén sórt téacs é seo?**
(a) Neamhfhicsean
(b) Finscéal
(c) Dráma